Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2018
(OR. en)

14368/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0328(COD)**

CYBER 283
TELECOM 411
CODEC 2031
COPEN 398
COPS 438
COSI 287
CSC 325
CSCI 150
IND 352
JAI 1148
RECH 495
ESPACE 65

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14141/18 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin<br>Tuarascáil ar dhul chun cinn |

D'ullmhaigh an Uachtaránacht tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin agus é mar aidhm léi measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtaobh an chomhaid seo.

Pléadh an tuarascáil ar dhul chun cinn ag cruinniú den Mheitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna ar an 14 Samhain 2018. Bunaithe ar bharúlacha na dtoscaireachtaí, ullmhaíodh leagan athbhreithnithe den tuarascáil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn í.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe toiliú an tuarascáil ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Teileachumarsáid) ar an 4 Nollaig 2018.

Iarrtar ar an gComhairle a thabhairt dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an togra Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin a bhunú.

**IARSCRÍBHINN**

**TOGRA LE HAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE LENA MBUNAÍTEAR AN LÁRIONAD EORPACH UM INNIÚLACHTAÍ TIONSCLAÍOCHTA, TEICNEOLAÍOCHTA AGUS TAIGHDE CIBEARSHLÁNDÁLA AGUS LÍONRA NA LÁRIONAD NÁISIÚNTA COMHORDÚCHÁIN**

**TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN**

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 13 Meán Fómhair, ghlac an Coimisiún pacáiste cibearshlándála.[1] Tógadh sa phacáiste ar na hionstraimí a bhí ann cheana agus tíolacadh tionscnaimh nua chun cibearshlándáil an Aontais a fheabhsú.

2. Bunaithe ar na tionscnaimh chibearshlándála uaillmhianacha a fógraíodh in 2017, thóg an Coimisiún na chéad chéimeanna chun líonra lárionad comhordúcháin cibearshlándála agus Lárionad nua Eorpach um Inniúlachtaí, Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála a bhunú chun infheistiú a dhéanamh in inniúlachtaí agus acmhainneachtaí ceannródaíocha cibearshlándála san Aontas.[2]

3. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún mapáil ar lárionaid saineolais chun ionchur a bhailiú ó 665 lárionad saineolais um chibearshlándáil faoina bhfios gnó, agus faoi na gníomhaíochtaí, faoi na réimsí oibre, agus faoin gcomhar idirnáisiúnta a bhíonn ar bun acu. Seoladh an suirbhé mapála i mí Eanáir 2018 agus cuireadh an t-ionchur a fuarthas faoin 8 Márta 2018 san áireamh san anailís sa tuarascáil mhapála.

4. Chomh maith leis sin, chun cur le smaointeoireacht amach anseo, sheol an Coimisiún céim phíolótach faoi chlár Fhís 2020 (glao uimh. SU-ICT-03-2018) chun cabhrú le lárionaid náisiúnta a thabhairt le chéile i líonra chun móiminteam nua a chruthú maidir le hinniúlacht cibearshlándála agus forbairt na teicneolaíochta.

---

1 https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/policies/cybersecurity
2 2018/0328 (COD)

5. An phríomhaidhm a bhí leis an togra reachtach maidir leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin struchtúr éifeachtach éifeachtúil a chruthú chun acmhainneachtaí agus torthaí taighde cibearshlándála a chomhthiomsú agus a roinnt agus chun leas a bhaint as réitigh nuálacha chibearshlándála toisc inniúlachtaí agus acmhainneachtaí an Aontais sa réimse seo a bheith an-scaipthe in ainneoin iad a bheith suntasach. Tá sé bunaithe ar dhébhunús dlí mar gheall ar a nádúr agus na cuspóirí sonracha atá ann.[3]

6. Tugtar isteach leis an togra trí shraith de rialachas:

a) ar leibhéal an Aontais - Lárionad Eorpach Inniúlachtaí Cibearshlándála;

b) ar an leibhéal náisiúnta - líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin;

c) ar leibhéal na ngeallsealbhóirí - Pobal um Inniúlachtaí Cibearshlándála.

San áireamh sa struchtúr rialachais atá beartaithe don Lárionad Eorpach Inniúlachtaí Cibearshlándála tá Bord Rialaithe, Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Bord Comhairleach Tionsclaíochta agus Eolaíochta.

7. Is ó chláir na hEorpa Digití agus ó chláir Fhís Eorpach is mó a thiocfaidh an cistiú agus seans go dtiocfaidh cómhaoiniú ón tionscail agus ó ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, feidhmeoidh an Lárionad Inniúlachtaí Cibearshlándála, i gcomhar le líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin, mar shásra cur chun feidhme le haghaidh dhá shruth cistiúcháin cibearshlándála éagsúla de chuid an Aontais faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile (an clár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach).

[3] Airteagal 173(3) agus Airteagal 187 CFAE

## II. <u>AN STAID MAR ATÁ</u>

8. D'fhoilsigh an Coimisiún an togra reachtach ar an 12 Meán Fómhair 2018. Thosaigh an Mheitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna ag plé an togra ar an 17 Meán Fómhair 2018 le cur i láthair ginearálta ón gCoimisiún. Cuireadh an measúnú tionchair i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna ar an 28 Meán Fómhair 2018.

9. Scrúdaíodh téacs an dréachtrialacháin ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna ar an 28 Meán Fómhair, an 8 Deireadh Fómhair agus an 30 Deireadh Fómhair 2018.

10. Luadh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 18 Deireadh Fómhair 2018 gur 'cheart an chaibidlíocht maidir leis na tograí ar fad a bhaineann leis an gcibearshlándáil a chríochnú roimh dheireadh antéarma reachtaigh'.[4]

11. Ag cruinniú den Mheitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna ar an 30 Deireadh Fómhair 2018, thairg an Uachtaránacht deis don Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise, don Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus don Eagraíocht Eorpach um Cibearshlándáil a gcuid tuairimí a chur in iúl agus moltaí a dhéanamh faoin dréachtrialachán lena áirithiú go mbeidh geallsealbhóirí a mbaineann an togra leo páirteach sa phróiseas idirphlé.

12. I ndiaidh an idirphlé sa Mheitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna, iarradh ar na Ballstáit ráitis scríofa a sholáthar faoin 8 Samhain 2018. Ghlac 15 Bhallstát an deis an seasamh atá acu a thíolacadh i scríbhinn.

13. Tacaíonn formhór na dtoscaireachtaí le cuspóirí ginearálta an togra, go háirithe maidir leis an ngá atá le hinniúlachtaí teicneolaíochta agus tionsclaíochta cibearshlándála a choimeád agus a fhorbairt, inniúlachtaí atá riachtanach chun sláine an Mhargaidh Aonair Dhigitigh a áirithiú agus le go méadófar iomaíochas thionscal cibearshlándála an Aontais, go háirithe trí chomhordú ar chláir thaighde cibearshlándála an Aontais a threisiú.

[4] Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 18 Deireadh Fómhair 2018

14. Tarraingíodh anuas roinnt ábhar imní agus ceisteanna, áfach, go háirithe maidir leis an struchtúr rialachais, an tslí go bhfuil an Eoraip Dhigiteach agus an Fhís Eorpach faoi chaibidil faoi láthair i bhfoirmíochtaí éagsúla de chuid na Comhairle (Teileachumarsáid agus Iomaíochas) agus nach fios fós toradh na caibidlíochta. Ina theannta sin, d'iarr na Ballstáit breis soiléirithe maidir leis an teorann agus na sineirgí le struchtúir atá ann cheana. Chomh maith leis sin, lorgaíodh tuilleadh soiléirithe i dtaobh na sonraí faoi chur chun feidhme na struchtúr agus faoi shásraí maoinithe.

15. Socraíodh malartú faisnéise idir an Mheitheal um Thaighde agus an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise. Thug beirt chathaoirligh na meithleacha tuairisc ar an staid mar atá ag an gcruinniú den Mheitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna a bhí ar siúl ar an 14 Samhain 2018.

16. Cheap Parlaimint na hEorpa Julia Reda (Glasaigh/ALE) mar rapóirtéir ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh. Déanfar dréacht-tuarascáil de chuid an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh a chur i láthair ar an 7 Eanáir 2019. Is é an spriocdháta chun leasuithe a chur isteach, 12.00 ar an 9 Eanáir. Tá vótáil an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh beartaithe don 19 Feabhra 2019.

17. Bunaithe ar ionchur arna chur ar fáil ag na Ballstáit agus ar an bplé a rinneadh ag cruinnithe thuasluaite ag an Meitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna, dréachtóidh Uachtaránacht na hOstaire agus Uachtaránacht nua na Rómáine páipéar leathoifigiúil. Meastar go bhfoilseofar é i mí na Nollag 2018.

18. Ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta ag Uachtaránacht na hOstaire, leanfaidh Uachtaránacht nua na Rómáine uirthi ag oibriú ar an gcomhad tábhachtach seo d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta.